



ELeathanach 431




Dé Luain, an 13 Feabhra 2023

Madraí ar RTÉ

Tá clár teilifíse faoi mhadraí ar RTÉ1 faoi láthair. Bhí an chéad chlár ar siúl Dé hAoine, an 3 Feabhra, agus beidh clár gach Aoine ag 8pm. Má chaill tú an clár, is féidir breathnú air ar sheinnteoir RTÉ.

Leanann an clár *Madraí* Paula Doohan agus Ellen Hegarty agus iad ag réiteach fhadhbanna na madraí is measa sa tír. Is tréidlia í Ellen, agus bíonn sí ag cabhrú le Paula smacht a chur ar na madraí dána!

Ar an gcéad chlár, bhí siad ag obair le teaghlach i mBéal Feirste agus lena madra Broony. Agus bhí siad ag obair le Bichon-Russell, Bailey, i gConamara chomh maith. Bhí Bailey ag tafann an t-am ar fad, ach chabhraigh Paula agus Ellen leis agus lena theaghlach!



Ealaíontóir ag úsáid bhruscair!

Is ealaíontóir é Thomas McKean agus tá cónaí air i Nua-Eabhrac. Le níos mó ná fiche bliain anuas, tá sé ag cruthú ealaíne le bruscar agus rudaí eile a aimsíonn sé ar shráideanna na cathrach.

I measc na rudaí a bhíonn in úsáid aige, tá an MetroCard ann. Is cárta é is féidir a úsáid chun an táille don traen nó don bhus a íoc. Is léir nach mbeidh an MetroCard ar fáil roimh i bhfad, toisc go mbeidh daoine in ann an táille a íoc leis an bhfón nó le cárta bainc.

Baineann Thomas úsáid as siosúr beag agus gliú chun píosaí ealaíne 3T a thógáil. Tá taispeántas ealaíne aige i siopa Fishs Eddy i Nua-Eabhrac.



Cárta bán sa Sacar!

Má leanann tú cúrsaí spóirt, seans go bhfaca tú cártaí buí agus cártaí dearga i gcluichí foirne. Bíonn siad in úsáid ag réiteoirí chun rabhadh a thabhairt do na himreoirí nach bhfuil a n-iompar go maith.

Sa Phortaingéil, le déanaí, shocraigh siad ar chárta bán a thabhairt isteach. Baineann an cárta seo le dea-iompar agus cothrom na Féinne, chun rudaí dearfacha a aithint sa spórt.

Bhain réiteoir úsáid as an gcárta den chéad uair riamh an mhí seo caite. Bhí foireann na mban ó Sporting Lisbon agus Benfica ag imirt i gcoinne a chéile. Sa dara leath, d'éirigh duine sa lucht féachana tinn. Bhí na foirne leighis ó Sporting Lisbon agus Benfica ag comhoibriú chun cabhrú leis an mbean sa slua.

Thug an slua bualadh bos nuair a thaispeáin an réiteoir an cárta bán.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhà Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilochta & Gaelscoláochta

